

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Fáilte go dtí eagrán 20 dár Nuachtlitir pobail. Fáilte speisialta roimh chuartheoirí agus tá súil againn go bhfuil sibh ag baint taitnimh as bhur gcuart.

Beidh go leor imeachtaí ar bun i rith an tSamhraidh le freastal ar chuile aoisghrúpa agus tá súil againn go mbainfidh sibh sult astu. Eagrófar campaí samhraidh i gCeathrú Thaidhg i mí Iúil, agus san Inbhear i mí Lúnasa, áit a mbeidh imeachtaí siamsaíochta agus cultúrtha ar fáil do pháistí bunscoile an cheantair (féach leathanach 3). Tosóidh Féile Lúnasa ar an 29ú Iúil i mbliana, agus idir é sin agus an 5ú Lúnasa beidh réimse leathan imeachtaí ar an gclár. Beidh Margadh Feirmeoirí Iorrais ag ath-oscailt ar an 9ú Iúil i mBéal an Mhuirthead. Seo seans duit blas a fháil ar tháirgíocht den scoth ó cheantar Iorrais. Bain triail as!

Welcome to edition 20 of our community Newsletter. A special welcome to visitors to the area and we hope you are enjoying your stay.

Various activities will be organised over the summer months to suit all age groups. We hope you enjoy them. Summer camps will be held in Ceathrú Thaidhg in July, and in Inbhear in August, to provide recreational and cultural activities for primary school children (see page 3). The Féile Lúnasa festival runs from 29th July to 5th August this year and we hope the packed programme of activity has something to offer everyone. Margadh Feirmeoirí Iorrais (Erris Farmers Market) re-opens in Belmullet on 9th July. Why not drop in and get a flavour of the excellent produce on offer from the Erris area.

* Nuachtlitir Áitiúil

* A Community Newsletter

* Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal

* Provides a voice for the local community and an update on development issues

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála	2
Seirbhísí Óige / Youth Services	3
Guth agus Glór na nGael	4-5
Timpeallacht / The Environment	5-6
Imeachtaí Eile / Other Activities	6-7
Maoiniú / Funding	8

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlor na nGael)

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach: Micheál de Búrca
Rúnaí: Seán Mac Aindriú
Cisteoir: Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile: Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Séamus Ó Murchú, Uinsíonn Mac Graith agus Seán Ó Dochartaigh.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíochta/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nádúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuairteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideas agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitr seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 **Ríomhphoist:** dunchaochain1@eircom.net

Campaí Samhraidh Iorrais / Summer Camps

Eagraíonn coiste Campaí Samhraidh Iorrais campaí samhraidh trí mheán na Gaeilge ar fud cheantar Iorrais le cuidiú airgeadú na Roinne Ealaíne, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta. An aidhm atá leis na campaí, atá dírithe ar pháistí san aoisghrúpa ó sé mbliana d'aois go dá bhliain déag d'aois, ná iad a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt agus dul i dtaithe ar í a úsáid lena chéile i dtimpeallacht thaitneamhach. Seachtain siamsaíochta, spraoi, agus scléip atá ann le himeachtaí mar spórt, ealaíon, ceardaíocht, damhsa traidisiúnta, amhránaíocht, cluichí boird agus barbeque. I mbliana, ag brath ar éileamh, eagrófar campaí i bparóiste Chill Chomáin ag Ceathrú Thaidhg (25^ú go 29^ú Iúil, páistí ó Ros Dumhach san áireamh) agus Inbhear (2^ú go 6^ú Lúnasa páistí ó Bharr na Trá san áireamh).

The committee of Campaí Samhraidh Iorrais organises summer camps through the medium of Irish throughout the Erris area with the assistance of funding it receives from The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht under the scheme Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta. The aim of the camps, which are targeted at children in the six to twelve year age group, is to encourage them to speak Irish in an enjoyable environment. The week-long programme of activity includes sports, art, crafts, traditional dancing, singing, board games and a barbeque. This year, pending sufficient demand, camps will be held in the parish of Cill Chomáin at Ceathrú Thaidhg (25th July to 29th July, including children from Ros Dumhach) and Inbhear (2nd August to 6th August, including children from Barr na Trá).

Tá foirmeacha iarratais agus breis eolais le fáil ó Threasa ag 097 88082 / 087 1251642 dunchaochainl@eircom.net

Óige Ghleann na Muaidhe / New Youth Group

Cuireadh Óige Ghleann na Muaidhe ar bun i mí Eanáir 2011 nuair a tháinig grúpa tuismitheoirí le chéile chun imeachtaí siamsaíochta, oideachaisiúil agus cultúrtha a eagrú le freastal ar riachtanais an óige sa gceantar. Go dtí seo tá ranganna drámaíochta (faoi stiúir Edith Geraghty), ranganna damhsa traidisiúnta (le Ann Marie Ní Mhurchú), turais lae agus córas taistil chuig ranganna snámha eagraithe ag an ngrúpa. Chun a gclár imeachtaí a leathnú, cuireadh iarratas ar airgeadú chuig Fhoras na Gaeilge, agus má éiríonn leis, beidh an coiste inann ranganna ceoil, ealaíne, ceardaíochta agus imeachtaí eile a eagrú. Má theastaíonn breis eolais uait ar imeachtaí an ghrúpa déan teagmháil le baill an choiste Martina Uí hÉalaí (Cathaoirleach), Liz Uí Reachtair (Rúnaí), Áine Uí Dhocharthaigh (Cisteoir), Pádraigín Uí Ghraith, Michelle Uí Dhéagánaigh, Angela Uí Ghraith agus Philomena Uí Mhóráin.

Óige Ghleann na Muaidhe youth group was set up in January 2011 when a group of proactive parents decided to organise recreational, educational and cultural activities to meet the needs of the youth of the area. To date the group has organised drama classes (under the direction of Edith Geraghty), traditional Irish dancing classes (with Ann Marie Murphy), day trips and transport to swimming lessons. In an effort to extend their programme of activity, the group recently submitted an application for funding to Foras na Gaeilge, which if successful, will enable the committee to organise music classes, arts and crafts and other activities. For further information please contact any of the committee members Martina Healy (Chairperson), Liz Rafter (Secretary), Ann Doherty (Treasurer), Patricia Mc Grath, Michelle Deane, Angela Mc Grath and Philomena Moran.



Lá Eolais / Information Day

Ag lá eolais a d'eagraigh Conradh na Gaeilge agus Guth na Gaeltachta do pholaiteoirí in Óstán Buswells i mBaile Átha Cliath ar an lú Meitheamh bhí deis ag na daoine a bhí i láthair ó na pobail éagsúla ar fud na tíre a n-ábhar imní i leith todchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta a chur in iúl do Theachtaí Dála agus Sheanadóirí. Rinneadh plé ar chúrsaí oideachais na Gaeilge, ról Údarás na Gaeltachta sa todchaí agus cur i bhfeidhm Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 de chuid an Rialtais.

At an information day for politicians, organised by Conradh na Gaeilge and Guth na Gaeltachta in Buswells Hotel in Dublin on 1st June, people in attendance from various communities throughout the country were given an opportunity to voice their concerns to TDs and Senators in relation to the future of the Irish language and Irish-speaking communities. Among the items raised were Irish-language education, the future role of Údarás na Gaeltachta and the implementation of the Government's 20 Year Strategy for the Irish Language 2010 – 2030.



Comórtas Náisiúnta Ghlór na nGael

Is comórtas náisiúnta é Glór na nGael a bhfuil sé mar phríomhaidhm aige teanga agus cultúr na Gaeilge a fhorbairt agus a chaomhnú. Nuair a fógraíodh torthaí an chomórtais bhí Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg - Dún Chaocháin i measc na mbuaiteoirí. D'éirigh leis an gcoiste duais Chumann na Sagart a bhaint amach le haghaidh an leabhair 'Glaoidh Oraibh Mo Chairde – I Call You Friends', a cuireadh i dtoll a chéile leis an Athair Éamon Ó Ruadhagháin. Treoirleabhair dhá-theangach atá ann, a bhéas mar áis tagartha do fhreastalaithe altóra a dhéanann, agus a dhéanfaidh, freastal ar an Aifreann i bparóiste Chill

Chomáin.

Glór na nGael Teo is a national organisation which focuses on the development and preservation of the Irish language and culture. Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg - Dún Chaocháin, which aims to promote the Irish language in every aspect of community life, received an award in the annual Glór na nGael competition for the publication 'Glaoidh Oraibh Mo Chairde – I Call You Friends'. Published in co-operation with Fr. Eddie Rogan, the book provides guidelines and reference material for existing and future altar servers within the parish of Cill Chomáin. The award was presented at a special function in Maynooth in April.

Sa ghrianghraf: An tAthair Séamus Ó hÉanaigh as Cumann na Sagart, bunaitheoirí Ghlór na nGael 50 bliain ó shin, le hÍde Ní Uallacháin agus an Aire Stáit Donnchadha Mac Fhionnlaoidh ag bronnadh Duais Chumann na Sagart ar Threasa Ní Ghearraigh, Coiste Dhún Chaocháin.

Scéim Labhairt na Gaeilge / Irish Language Scheme

Tuigtear dúinn go mbeidh deireadh le Scéim Labhairt na Gaeilge i ndiaidh an scoilbhliain reatha agus go bhfuil an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi láthair ag déanamh plé ar scéim eile le teacht ina áit do mhí Mheán Fómhair 2011. De réir ráiteas atá déanta ag an Aire Stáit, Donnchadh Mac Fhionnghaile, beidh an scéim nua ag díriú ar pháistí ag aois níos óige agus beidh tacaíocht leanúnach ar fáil do theaghlach atá ag tógail a gclann le Gaeilge.

Ba é an bunaidhm a bhí le Scéim Labhairt na Gaeilge ón gcéad lá ná tuismitheoirí Gaeltachta a ngríosú lena gclann a thógail le Gaeilge sa mbaile. Tá tábhacht chriticiúil an aidhm seo, mar chroílár polasaí pleanála

teanga Gaeltachta, glactha leis go forleathan ag chuile saineolaí atá ag plé le cúrsaí mionteangacha go hidirnáisiúnta. Tugtar aitheantas láidir don aidhm sin sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a ghlac na páirtithe polaitiúla uilig leis d'aonghuth.

We understand that the Irish Language scheme 'Scéim Labhairt na Gaeilge' will be terminated at the end of the current school year and that the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht is considering introducing another scheme to replace it in September 2011. According to a statement made by Minister of State, Donnchadh Mac Fhionnghaile, the new scheme will focus on children of a younger age, and ongoing support will be provided to families who are raising their children through the medium of Irish.

The aim of Scéim Labhairt na Gaeilge from the outset was to encourage parents in Gaeltacht areas to raise their children through Irish at home. The importance of this is critical in any language planning policy, and it is widely acknowledged as such internationally by minority language experts. This aim is also strongly acknowledged in the Government's 20 Year Strategy for the Irish Language 2010 – 2030 which was agreed upon by the various political parties.

An Timpeallacht Nádirtha agus Daonna / The Natural and Manmade Environment



Glantachán Náisiúnta Earraigh / National Spring Clean

'Sé Glantachán Náisiúnta Earraigh, a eagraíonn An Taisce, an feachtas is mó i leith chosc ar bhruscar in Éireann. Iarrtar ar dhaoine ar fud na tíre páirt a ghlacadh san iarracht chun an timpeallacht a choinneáil glan. I gcomhar le daltaí ó Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg, agus rannphairtíthe na Scéime Shóisialta Tuaithe, bailíodh bruscar ar na tránna áitiúla i mí Aibreáin. Tá ról ag chuile dhuine san iarracht agus má chleachtaítear nósanna mar laghdú, athúsáid agus athchúrsáil is féidir linn ár gceantar a choinneáil saor ó bhruscar dúinn féin agus do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh.

Now in its 13th year, An Taisce's National Spring Clean is Ireland's biggest anti-litter campaign which encourages people to take pride in their local environment and take action against litter. In co-operation with the pupils of Ceathrú Thaidhg National School, and participants on the Rural Social Scheme, a major clean up was undertaken at local beaches in April. By working together and putting into practice the three r's (reduce, reuse and recycle) we can make our area a cleaner place to live in for ourselves and for future generations.

Gradam an Chósta Ghlais/ Green Coast Award

Nuair a d'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil, Phil Ó hÓgáin, gradaim an Chósta Ghlais 2011 i mí Meithimh ainmníodh trá Phort a' Chlóidh i measc na dtránna a bhain an gradam náisiúnta timpeallachta seo amach. Tá an gradam bunaithe ar thimpeallacht neamhmillteach, caighdeán ard uisce a chomhlíonann treoracha an Aontas Eorpach agus áilleacht nádúrtha.

When the Minister for the Environment, Community and Local Government Phil Hogan announced the 2011 Green Coast Awards in June, Port a' Chlóidh beach was named as one of the recipients of this national environmental award. The award is based on a pristine environment, excellent water quality which complies with E.U. regulations, and natural beauty.



Turas Seandálaíochta / Archaeology Trip

Tá saibhreas láithreacha seandálaíochta scaipthe ar fud pharóiste Chill Chomáin chun a mheabhrú dúinn conas mar a mhair daoine siar chomh fada le 5000 bliain ó shin. Tá iarsmaí de thuamaí, a thóg na feirmeoirí tosaigh a tháinig go hÉirinn sa Thréimhse Neoiliteach, le fáil ag Ros Dumhach, Gleann na nGad, Fálach, Muing Eiriún agus Gort Breac. Ar cuid mhaith den chósta tá iarsmaí de dhúnta cinntíre mar An Dúna agus Dún Chiortáin. Tosaíodh ag tógáil na ndúnta seo in Aois an Iarainn agus mhair cónaí iontu anuas go dtí na Plandálacha féin. Iarsmaí eile ársa is ea iad na ciorcail chlocha, cistí, sean-séipéil agus tobair bheannaithe.

Numerous archaeological sites, dotted throughout the parish of Cill Chomáin, remind us of how our ancestors lived over 5000 years ago. The remains of megalithic tombs, which were built by the first farmers who came to Ireland in the Neolithic period, are to be found at Ros Dumhach, Gleann na nGad, Fálach, Muing Eiriún and Gort Breac. Many promontory forts are located along the coast, An Dúna and Dún Chiortáin being the most notable. These were built during The Iron Age and continued to be occupied up to the Plantations. Other ancient remains include stone circles, cist burials, old churches and holy wells. At the invitation of Comhar Dún Chaocháin Teo, Dr. Stefan Bergh from the Department of Archaeology, National University of Ireland Galway visited the parish in May to examine some of these archaeological monuments. Accompanying him on the study trip were Treasa Ní Ghearraigh, Terence Conway, Niall King and Diana Taylor. (grianghraf. Uinsíonn Mac Graith)

Imeachtaí Eile / Other Activities

An Teastas Eorpach sa Ghaeilge / The European Certificate in Irish

Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim ón tús nó dul chun cinn a dhéanamh leis an méid atá agat agus cailíocht aitheanta a bhaint amach? Tá Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le hIonad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Údarás na Gaeltachta, ag eagrú cúrsaí gaeilge sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg d'fhoghlaimoirí fásta (ag brath ar éileamh). Bunaithe ar na ranganna agus ar na himeachtaí teanga eile a chuirfear ar fáil i rith an chúrsa, beidh deis ag daoine scrúdú a dhéanamh chun Teastas Eorpach na Gaeilge a bhaint amach. Ranganna neamhfhoirmiúla atá i gceist leis an bhéim ar an nGaeilge labhartha agus na focail choitianta a úsáidtear sa ghnáthchaint. De réir a chéile cuirfidh an cúrsa le do mhúinín i dtuiscint agus i labhairt na teanga. Tá breis eolais le fáil ó Threasa ag 097 88082 / 087 1251642 nó ó Vincent ag 087 7557244.

Would you like to learn Irish from the beginning or improve on the level you already have and obtain a recognised qualification in the process? Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with The Language's Centre, University College Maynooth and Údarás na Gaeltachta, is organising Irish language courses in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg to cater for adult learners (pending sufficient demand). Based on the classes and on other language activities which are organised during the course, participants will have an opportunity to undertake an exam to obtain the European Certificate in Irish. Classes are informal with an emphasis on spoken Irish and common phrases used in everyday conversation. The course will add to your confidence in understanding and speaking the language. For further information please contact Treasa on 097 88082/087 1251642 or Vincent on 087 7557244.

Cúrsa Ríomhaireachta / Computer Course

Más maith leat scileanna ríomhaireachta a fhoghlaim, nó barr feabhais a chur ar na scileanna atá agat cheana féin, seo é do sheans. Tá Comhar Dún Chaocháin Teo ag eagrú cúrsa ríomhaireachta deich seachtaine sa Seanscoil ag tosnú Dé Céadaoin an 7ú Meán Fómhair ag 7.30 i.n. €20 an costas atá ar an gcúrsa, atá páirt-mhaoinithe ag Coiste Gairmoideachais Condae Mhaigh Eo faoin gClár Oideachais Pobail. Ba chóir clárú roimhré tré teagmháil a dhéanamh le Treasa ag 097 88082 nó 087 1251642.

If you would like to learn computer skills, or improve on your existing skills, this is your chance. Comhar Dún Chaocháin Teo is organizing a ten-week computer skills course in the Seanscoil community centre starting on Wednesday 7th September at 7.30 p.m. The cost of the course, which is part-funded by Mayo VEC under the Community Education Programme, is €20. As places are limited please register in advance by contacting Treasa on 097 88082 or 087 1251642.

Féile Lúnasa Community Festival

Tionólfar Féile Lúnasa, mórfhéile tuaithe ag comóradh oidhreacht, cultúir agus traidisiúin spóirt Chill Chomáin, in ionaid éagsúla ar fud an pharóiste idir an 29ú Iúil agus an 5ú Lúnasa. Beidh sraith imeachtaí éagsúla ar bun i gcaitheamh na féile mar shampla cluichí peile Gaelacha, taispeántas grianghraif, siúlóid oidhreachta, seisiúin cheoil, amhránaíochta agus damhsa &rl. Is iad Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, Comhar Dún Chaocháin Teo agus Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg eagraithe na féile. Is féidir breis eolais a fháil ó Michelle ag 097 87944 / 086 4075057 nó ó Threasa ag 097 88082 / 087 1251642.

Féile Lúnasa, a community festival celebrating the heritage, culture and sporting tradition of Cill Chomáin, will be held in various venues throughout the parish between the 29th July and 5th of August next. The programme of activity includes a football tournament, photographic exhibition, heritage walk, music, song and dance sessions agus go leor eile!! The event is organised by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, Comhar Dún Chaocháin Teo and Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg. For further information please contact Michelle on 097 87944 / 086 4075057 or Treasa on 097 88082 / 087 1251642.



Teastas 'Go Green'

Bronnadh teastas 'Go Green' ar Naíonra Ghleann na Muaidhe mar aitheantas ar an bpáirt a ghlac an tseirbhís sa bhfeachtas athchúrsála éadaí chun airgead a bhailiú le haghaidh Chairde Ospidéal Naomh Luke.

Naíonra Ghleann na Muaidhe was awarded a 'Go Green' certificate in recognition of its participation in a recycling initiative which recycles used clothing to raise funds for the Friends of Saint Luke's Cancer Hospital.

Sa ghrianghraf in éineacht le foireann an naíonra Máire Uí Ghearbháin, Sharon Ní Dhochartaigh agus Máire Cáit Uí

Mhurchú tá (ina seasamh ó chlé) Joshua Ó Raghallaigh, Séamus Ó Flannghaile, Greg Ó Conaire, Eoin Mac Spealláin, Adam Mac Aindriú, Laoise Ní Ghallchóir agus Colm Mac Spealláin. Ina suí ó chlé tá Dónal Ó Déagánaigh, Gavin Mac Aindriú, Jo Jo Ní Shuilleabháin/Eireamháin, Emma Nic Giollagheimhridh, Micheál Ó Suilleabháin agus Kyle Mac Guidhir. As láthair bhí Gráinne Nic Éil, Seán Ó hÉalaí, Micheál Mac Graith, Neala Ní Mhistéil, Piaras Ó Maolalaí, Ava Ó Raghallaigh, Alex Ó Raghallaigh agus Betty Uí Dhéagánaigh. (grianghraf. Uinsíonn Mac Graith)

Seirbhísí Cúraim Leanáí / Childcare Services

Beidh seirbhísí cúraim leanáí Naíonra Dhún Chaocháin agus Naíonra Ghleann na Muaidhe ag ath-oscailt ar an 1ú Meán Fómhair. Tá tuilleadh eolais le fáil ó Chaitlín ag 097 88977 agus ó Mháire Cáit ag 097 88863.

Naíonra Dhún Chaocháin and Naíonra Ghleann na Muaidhe pre-school services will re-open on Thursday 1st September next. Please contact Caitlín on 097 88977 for Naíonra Dhún Chaocháin and Máire Cáit on 087 9714395 for Naíonra Ghleann na Muaidhe.

Margadh Feirmeoirí Iorrais / Erris Farmers Market

Tá Margadh Feirmeoirí Iorrais ag ath-oscailt Dé Sathairn an 9ú Iúil óna 10.00 r.n go 3.00 i.n. i gCearnóg Chartúir i mBéal an Mhuirthead agus beidh sé ar oscailt chuile Shatharn ar feadh an tSamhraidh. Tá réimse leathan bia atá úr, séasúrach agus caighdeánach ó cheantar Iorrais le fáil sa mhargadh - glasraí, uibheacha circe agus lachan, ábhar bÁCála, iasc, luibheanna, plandaí beaga agus miasa réamhullmhaithe san áireamh. Tá fáilte roimh chuile dhuine teacht agus labhairt leis na feirmeoirí agus na táirgeoirí áitiúla.

Margadh Feirmeoirí Iorrais – Erris Farmers Market will be re-opening on Saturday the 9th July from 10.00 a.m. to 3.00 p.m. in Carter Square, Béal an Mhuirthead, and every Saturday thereafter during the summer months. The market offers a variety of fresh, seasonal produce from the Erris area including vegetables, free range hen and duck eggs, home baking, fish, herbs, small plants and prepared dishes. Why not come along, sample the produce on offer and get to know the local farmers and producers.

Maoiniú / Funding

Ciste Fiontair Mhaigh Eo Thuaidh / The North Mayo Enterprise Fund

Tá infheistíocht de €3 mhiliún curtha ar fáil ag an mBord Soláthar Leictreachais le haghaidh Ciste Fiontar Chomhraic Teo i ndiaidh dúnadh Stáisiún Cumhachta Bhéal Átha Chomhraic i 2005. Is í an phríomhaidhm atá ag an gCiste ná deiseanna fostaíochta a chruthú i Maigh Eo Thuaidh. Déanfaidh cuideachta neamhspleách Fiontar Chomhraic Teo, a bunaíodh i 2009, bainistiú ar an gCiste. Níl ach líon teoranta airgid ar fáil chun fiontar príobháideach agus cruthú poist a chur chun cinn, agus táthar ag fáiltiú roimh iarratais ó eagraíochtaí phobail-bhunaithe, gnóthaí príobháideacha, comhpháirtíochtaí agus daoine aonair atá bunaithe sa gceantar roghnaithe le haghaidh tionscadail. Caithfidh iarrthóirí a chur in iúl má tá iarratais déanta cheana féin acu chuig eagraisí maoinithe cuí ar nós Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teo, Comhlacht Forbartha Áitiúil Comhtháite Mhaigh Eo, Fiontraíocht Éireann, Bord Fiontair Chondae Mhaigh Eo agus Údarás na Gaeltachta. Cuirfidh an Ciste béim ar (a) traenáil fiontraíochta, oideachas agus breisoiliúint (b) spás oibre tráchtála, tionsclaíoch, goir nó teicneolaíoch agus an bonneagar gaolmhara a chruthú agus (c) áiseanna pobail agus deontais forbartha le haghaidh fiontar gnó no pobail. Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais le fáil ón Rannóg Pobail agus Fiontraíochta, Comhairle Chondae Mhaigh Eo (uimhir ghutháin 094 9047545).

Following on from the closure of the Bellacorick Power Station in 2005, the Electricity Supply Board has provided investment of €3 million for the Fiontar Chomhraic Teo Fund. The principle objective of the Fund is the creation of new employment opportunities for North Mayo. The Fund is managed by an independent Company, Fiontar Chomhraic Teo which was established in 2009. The Company has a limited amount of funding available for the purpose of promoting enterprise and job creation, and is seeking applications from community-based organisations, private companies, partnerships and individuals, which are located in the selected area, for projects to be undertaken in the near future. Applicants will be required to show if they have already submitted applications to other appropriate funding agencies such as Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teo, Mayo Integrated Local Development Company, Enterprise Ireland, Mayo County Enterprise Board and Údarás na Gaeltachta. The Fund will focus on supporting (a) training for enterprise, education and upskilling (b) creation of commercial, industrial, incubation and technological work space and associated infrastructure and (c) community facilities and development grants to new businesses or community enterprise. Application forms and further information may be obtained from The Community and Enterprise Section, Mayo County Council (tel. 094 9047545)